Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# EFG Ar Líne

# Bláthú Teanga í a Léamh

Dea-chleachtais in Ionramháil na dTéacsanna Litríochta i Ranganna na hArdteistiméireachta

Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027

CC BY NC

# EFGanna - Bláthú Teanga í a Léamh

EFG a hAon:

- 'Deireadh na Feide' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh
- 'Cócó' le Máire Zepf

EFG a Dó:

- 'Dínit an Bhróin' le Máirtín Ó Direáin
- 'Eoinín na nÉan' le ROSG Films









# Deilbhíní in Úsáid sa Chur i Láthair seo

- Ábhar an Padlet
- Deis Mhachnaimh
- Áis Chomhrá
- Obair Ghrúpa
- Taifead

# Intinní Foghlama

Ag deireadh an EFG seo, beidh tuiscint níos fearr againn ar:

- bhealach le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga
- dhea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta i ranganna na hArdteistiméireachta le béim ar an gcur chuige comhtháite.

# Príomhtheachtaireachtaí

- Tá siollabais na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) 2010 **gan athrú**.
- Tá ábhair dualgais **nua** do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus ina dhiaidh sin, faoi Chiorclán 0070/2024.
- Tá saoirse ann tabhairt faoi ábhar roghnach san fhilíocht agus sa phrós.

# Siollabas na hArdteistiméireachta, 2010


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

GAEILGE

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

NA SIOLLABAIS

AGUS

AN CÓRAS MEASÚNACHTA

ARNA FHOILSIÚ AG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
(Nuashonraithe, Feabhra 2010)

https://tinyurl.com/yavek5yw

# Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2027 agus ina dhiaidh sin



An Roinn Oideachais
Department of Education

Uimhir an Chiorcláin: 0070/2024

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc in Iar-Bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Bhoird Oiliúna agus Oideachais (BOOanna).**

**Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027**

Is mian leis an Roinn Oideachais a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal go leagtar amach sa chiorclán seo na hathruithe ar an ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027.

Tá difríocht idir an liosta d'ábhar dualgais atá ceangailte leis seo agus an liosta d'ábhar dualgais a leagadh amach roimhe seo i gciorclán 0026/2024, a bhí i bhfeidhm ó tugadh isteach an siollabas reatha do Ghaeilge na hArdteistiméireachta in 2010. Chomh maith leis sin, tagann an liosta atá ceangailte leis seo in ionad na n-aguisíní ar leathanaigh 28-29 agus ar leathanaigh 49-51 de shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta (2010) do scoláirí a bheidh ag déanamh scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027.

Tá an Roinn ag iarraidh ar údaráis scoile aird na múinteoirí Gaeilge go léir a dhíriú ar an gciorclán seo.

Cuireann an Roinn i gcuimhne do scoileanna gur cheart go mbeadh úsáid ar bith a bhaintear as na téacsanna seo san Idirbhliain i gcomhréir leis na treoirlínte atá foilsithe ag an Roinn Oideachais i dtaca le hábhar Chlár na hIdirbhliana.

Tá an Roinn ag iarraidh ar údaráis scoile fógra leordhóthanach a thabhairt do

1

https://tinyurl.com/5akjskux

# Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027

1. PRÓS: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

1(a) Prós Comónta Ainmnithe NÓ 1(b) Prós: Ábhar Roghnach

2. FILÍOCHT: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe NÓ 2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

3. LITRÍOCHT BHREISE: ARDLEIBHÉAL Ceann amháin de na rannóga

3(a) (Prós Breise) NÓ 3(b) (Dánta Breise)

# Roghnú Inmhéanach

- Prós Ainmnithe

Rogha idir Athair **nó** Glantóir **nó** An Bóthar go Santiago.

Rogha idir Eoinín na nÉan **nó** An Féileacán agus an Crann Úll

- Prós Breise (Ardleibhéal amháin)

Rogha idir Cóirín na dTonn **nó** An Nollaig Thiar **nó** Deirdre **nó** Dordán **nó** 5 ghearrscéal in Bláth na dTulach.

# Na Téacsanna



Dán:
'Deireadh na Feide' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh



Gearrscéal:
'Cócó' le Máire Zepf

# Padlet




https://tinyurl.com/blathuteanga

# Gníomhaíochtaí

Oide

Gníomhaíocht 1 – 'Deireadh na Feide' agus na scileanna teanga.

Gníomhaíocht 2 – 'Cócó' agus an cur chuige comhtháite.

# Saothair agus Scileanna Teanga

## 'Cuireann píosaí litríochta le gach scil teanga ... '



Úirchill an Chreagáin




Dínit an Bhróin




Glaoch Abhaile



# Ceist Mhachnaimh





Cad iad na féidearthachtaí atá ann na scileanna teanga a chur chun cinn bunaithe ar 'Cóco' le Máire Zepf agus 'Deireadh na Feide' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh?



# Blaiseadh de Dhá Shaothar

## Céim 1: Éistfimid leis na píosaí fuaime seo.








Píosaí litríochta ar Padlet



# Litríocht agus Scileanna Teanga

Oide

## Gníomhaíocht 1

- Sna seomraí scartha, déan plé ar na scileanna teanga a chuirfear chun cinn i measc scoláirí bunaithe ar **‘Deireadh na Feide.'**
- **Aiseolas:** Urlabhraí ó gach grúpa chun aiseolas a roinnt ó bhéal nó san áis chomhrá.




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Aiseolas ón Ghníomhaíocht

**Aiseolas:** Urlabhraí ó gach grúpa chun aiseolas a roinnt ó bhéal nó san áis chomhrá.

Cad iad na féidearthachtaí atá ann na scileanna, na feidhmeanna teanga agus na saothair seo a nascadh le chéile?

# Guth an Mhúinteora

## Na téacsanna litríochta sa phleanáil don fhoghlaim ...

"Tá na bunchlocha ann ón tSraith Shóisearach."

"… de réir topaicí."

"... dul i ngleic le topaicí nó ábhair nua ar leibhéal níos doimhne agus eispéireas foghlama na ndaltaí a leathnú."

"… saibhreas teanga agus nathanna iontacha sa litríocht."

# Scileanna Comhtháite leis an Ábhar Dualgais

Oide

## Cur síos a chur in iúl

'Nuair a tháinig na Naitsithe
choimeád an feadaíl
Giúdaigh slán ó chontúirt,
chuir scéalta an Résistance
ó bhéal go béal faoi rún,
chabhraigh le píolótaí 'bhí imithe amú
teorainn na Spáinne a aimsiú.'

- *L17-23 Ó Deireadh na Feide le hAilbhe Ní Ghearbhuigh*

# **Feidhm Theanga:** Cur síos a chur in iúl

Oide

- **Éisteacht:** Éisteann scoláirí le hAilbhe Ní Ghearbhuigh ag déanamh cur síos ar an bhfeadaíl a bhí acu.
- **Tuiscint:** Faigheann scoláirí tuiscint ar chineál teanga atá imithe in éag.
- **Aithris:** Déanann na scoláirí aithris ar an dán le tacaíocht ón téacs scríofa.
- **Léamh:** Léann na scoláirí an dán chun an phríomhtheachtaireacht a chur in iúl do chomhscoláire.
- **Scríobh:** Cur síos a chur in iúl tríd na gnásanna scríbhneoireachta m.sh:
- **Ceist le plé/freagairt:** Cén teicnící fileata a úsáidtear sa dán chun íomhánna láidre a chruthú?

# Gníomhaíocht 2

**Feidhm Theanga:** Ag lorg nó ag tabhairt eolais

'Ní raibh an ghoid pleanáilte agam. Ní an sórt sin duine mé. Nuair a d'éirigh mé ar maidin, ní raibh a fhios agam gur gadaí madaidh a bheadh ionam roimh am tae.'

*Lch 2 ó Cócó le Máire Zepf*

**Éisteacht:**

**Tuiscint:**

**Aithris:**

**Léamh:**

**Scríobh:**

**Ceist le plé/freagairt:**

# Gníomhaíocht 2

## Seomraí scartha

Déan plé ar conas is féidir leas a bhaint as 'Cócó' chun an cur chuige comhtháite a bhaint amach sa seomra ranga bunaithe ar an bhfeidhm theanga seo?

Oide

**Feidhm Theanga:** Ag lorg nó ag tabhairt eolais

**Éisteacht:**

**Tuiscint:**

**Aithris:**

**Léamh:**

**Scríobh:**

**Ceist le plé/freagairt:**

# Aiseolas ón Ghníomhaíocht

**Aiseolas:** Urlabhraí ó gach grúpa chun aiseolas a roinnt ó bhéal nó san áis chomhrá.

Cad iad na féidearthachtaí atá ann na scileanna, na feidhmeanna teanga agus na saothair seo a nascadh le chéile?

# Treoir Teagaisc CNCM







[Ábhar tacaíochta | Curriculum Online]

# EFG 2



Oide

‘Bláthú Teanga í a Léamh...’

Beidh sraith d’eispéiris foghlama ghairmiúla (EFG) ar siúl faoin Chiorclán 0070/2024: Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus ina dhiaidh sin.

EFG Idirghníomhach ar **Zoom***
Líon teoranta áiteanna

Fiosrófar bealaí le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga le béim ar an gcur chuige comhtháite.

Spléachadh ar **‘Eoinín na nÉan’** agus **‘Dínit an Bhróin’**

**Bláthú Teanga í a Léamh: 2**
**Spléachadh ar ‘Eoinín na nÉan’ agus ‘Dínit an Bhróin’**

| Dáta | Am |
|---|---|
| Dé Máirt 4 Feabhra 2025* | 16:30-17:30 |
| Dé Máirt 4 Feabhra 2025* | 18:30-19:30 |
| Déardaoin 6 Feabhra 2025* | 16:30-17:30 |
| Déardaoin 6 Feabhra 2025* | 18:30-19:30 |
| Dé Luain 10 Feabhra 2025* | 16:30-17:30 |
| Dé Luain 10 Feabhra 2025* | 18:30-19:30 |
| *Is ionann ábhar na nEFGanna thuasluaite ar fad. | |

Cuir d’áit in áirithe do do rogha EFG **amháin** acu tríd an gcód MF a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar https://oide.ie/ga/muinteoiri/
Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais a iniúchadh roimh ré.

@Oide_PP_Gaeilge

oide.ie

# Tacaíochtaí




Bláth na dTulach - Díolaim Ultach




Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Tacaíocht Scoile 2024/25




postprimarysupport@oide.ie

oide.ie/schools/

# Liosta Seachadta

Cén luach a bhaineann le clárú dár liosta seachadta?

- Cor poist rialta ó fhoirne na Gaeilge agus an GhaelAonaid
- Freagraí mionsonraithe ar cheisteanna reatha ó mhúinteoirí
- Nuacht agus uasdátuithe ó Oide agus ó pháirtithe leasmhara.


Oide Liostaí Seachadta

Comhlánaigh na réimsí riachtanacha thíos agus léirigh an liosta /na liostaí seachadta ar mhaith leat clárú dó/dóibh

* Required

1. Ainm *

Enter your answer

2. Seoladh Ríomhphoist *

Enter your answer

3. Roghnaigh ón liosta thíos an limistéar liosta seachadta is mian leat a fheiceáil. Feicfidh tú na liostaí seachadta atá ar fáil thíos. *

- Oideachas trí mheán na Gaeilge
- Ceannaireacht
- Bunscoil
- Iar-bhunscoil

Next

Never give out your password. Report abuse

Microsoft 365

This content is created by the owner of the form. The data you submit will be sent to the form owner. Microsoft is not responsible for the privacy or security practices of its customers, including those of this form owner. Never give out your password.

Microsoft Forms | AI-Powered surveys, quizzes and polls Create my own form

The owner of this form has not provided a privacy statement as to how they will use your response data. Do not provide personal or sensitive information. | Terms of use




http://tinyurl.com/LiostaGagusGA

# Ceisteanna



eolas@oide.ie

# Intinní Foghlama

Oide

Ag deireadh an EFG, tá tuiscint níos fearr againn ar:

- bhealach le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga
- dhea-chleachtais in ionramháil na dtéacsanna litríochta i ranganna na hArdteistiméireachta le béim ar an gcur chuige comhtháite.

# Tagairtí


An Roinn Oideachais. (2024). Ciorclán 0070/2024. Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Ar fáil ag: www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/304919/1ce32614-6c07-4f5d-8620-fc4da51c3902.pdf#page=null

An Roinn Oideachais. (2010). Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal). Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/c794666b-8ca5-4f78-8160-809e296d19d2/Siollabais-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta_1.pdf

Change this image from the Master slide

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



# Focal buíochais

Is féidir muid a leanúint ar X @Oide_PP_Gaeilge chun an nuacht agus scéala is déanaí a fháil.

Lean muid: @Oide_PP_Gaeilge

CC BY NC